



## Réamhscoil → Bunscoil → Bun-Mheánscoil (Scoil Mheánach) → Ard-Mheánoideachas (Meánoideachas Speisialaithe)

### Réamhscoil Suas go dtí aois a 6



- Is féidir le leanaí freastal ar réamhscoil suas go dtí aois a 6 sa Úcráin.
- Níl rochtain ag gach leanbh uirthi.
- Is meascán de réamhscoileanna poiblí agus príobháideacha atá sa soláthar

### Bunscoil Tréimhse 4 bliana: aoiseanna 6 - 9

- Aoiseanna 6 go 9 mbliana: Grád 1 go Grád 4.
  - Céim 1: Grád 1 agus 2 – Aois 6 & 7 mbliana
  - Céim 2: Grád 3 agus 4 – Aois 8 & 9 mbliana
- Clúdaíonn an curaclam léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic, corpoideachas, an dúlra, ealaín agus ceol. Déanfar an curaclam a sheachadadh trí oideolaíocht súgradhbhunaithe i rith Chéim 1.
- Déanann na daltaí scrúduithe stáit ag deireadh



### Bun-Mheánscoil (Scoil Mheánach) Tréimhse 5 bliana: aoiseanna 10 - 14



- Aoiseanna 10 go 14 blianas: Grád 5 go Grád 9.
- Clúdaíonn an croíchuraclam ginearálta teanga agus litríocht na hÚcráinise, teanga iasachta, stair, matamaitic, bitheolaíocht, ceimic, fisic, corpoideachas, ceol agus ealaín.
- Déanann scoláirí scrúduithe ag deireadh Ghrád 9 – teastas gur cuireadh bun-mheánoideachas i gcrích.

### Ard-Mheánscoil (Meánoideachas Speisialaithe) Tréimhse 3 bliana: aoiseanna 15 - 17

- Aoiseanna 15 go 17 mbliana: Grád 10 go Grád 12<sup>1</sup>
- Clúdaíonn scoláirí croíchuraclam acadúil ginearálta agus bíonn rogha acu idir sruth Acadúil nó Gairmshruth.
  - *Is féidir le scoláirí a chuireann an sruth Acadúil i gcrích ag deireadh Ghrád 12 aistriú go dtí céimeanna Baitsiléara san ardoideachas tar éis tástálacha caighdeánaithe a dhéanamh a ndéanann Ionad na hÚcráine um Measúnú Cáillíochta Oideachais measúnú orthu go seachtrach. Leanann líon beag scoláirí an Gairmshruth a bhíonn ceangailte go minic le céim baitsiléara shóisearach nó cáillíocht speisialaithe a chur i gcrích.*
- Déanann scoláirí trí ábhar éigeantacha de chuid na scrúduithe stáit ag deireadh Ghrád 12 – Teanga agus litríocht na hÚcráinise, matamaitic nó stair na hÚcráine, agus ábhar amháin dá rogha féin. Déanann roinnt díobh níos mó ná trí cinn; tá ábhair roghnacha eile ar fáil. Faigheann na céimithe ar fad a n-éiríonn leo pas a fháil sna scrúduithe stáit deiridh teastas gur chuir siad meánoideachas ginearálta i gcrích.



<sup>1</sup> Tá samhail an Ghráid a mhaireann 12 Bhliain á tabhairt isteach faoi láthair agus ní bheidh 12 bhliain curtha i gcrích go fóill ag an gcuid is mó de na scoláirí.